An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Treoir chun tacú le Staidéar Taighde Shean-Ghréigis na hArdteistiméireachta

Samhain 2024

# An Clár Ábhar

RÉAMHRÁ....3

MEASÚNÚ DON TEISTIÚCHÁN I SEAN-GHRÉIGIS NA HARDTEISTIMÉIREACHTA 3

ACHOIMRE AR AN STAIDÉAR TAIGHDE....4

PRÓISEAS CHUN AN STAIDÉAR TAIGHDE A CHUR I GCRÍCH....5

LEAGAN AMACH AGUS CUR ISTEACH THUAIRISC AN STAIDÉIR TAIGHDE....10

RÓL AN MHÚINTEORA....11

NAISC ÚSÁIDEACHA....13

AGUISÍN A: TREOIRLÍNTE CHUN TACÚ LE TAGAIRTÍ A DHÉANAMH....14

# Réamhrá

Tugtar an méid seo a leanas sa cháipéis seo, *Treoir chun tacú le Staidéar Taighde Shean-Ghréigis na hArdteistiméireachta*:

- sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an Staidéir Taighde – Téacs i gComhthéacs, mar a leagtar amach sa tsonraíocht churaclaim le haghaidh Shean-Ghréigis na hArdteistiméireachta
- treoir don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir le Tuairisc an Staidéir Taighde a dhéanamh, a chur i gcrích agus a chur isteach

- Faisnéis ar ról na scoile agus an mhúinteora maidir le tacú leis an scoláire atá ag tabhairt faoin Staidéar Taighde
- tuairisceoirí cáilíochta don Staidéar Taighde.

Ba cheart na treoirlínte seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht churaclaim le haghaidh Shean-Ghréigis na hArdteistiméireachta, atá ar fáil ar https://www.curriculumonline.ie/getmedia/0f625158-a30f-4404-bf5c-ab4fe25614c9/SC-Ancient-Greek-Spec-GA.pdf (curriculumonline.ie)

I dtéarma 2 de Bhliain 1, foilseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) treoir chun an Staidéar Taighde a dhéanamh.

# Measúnú don Teistiúchán i Sean-Ghréigis na hArdteistiméireachta

Tá measúnú don teistiúchán bunaithe ar réasúnaíocht, aidhm agus torthaí foghlama shonraíocht Shean-Ghréigis na hArdteistiméireachta. Tá dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann: scrúdú scríofa agus comhpháirt mheasúnaithe sa bhreis a bhfuil staidéar taighde i gceist léi. Beidh an scrúdú scríofa ar ghnáthleibhéal agus ar ardleibhéal. Bunófar an Staidéar Taighde ar threoir chomónta agus déanfar measúnú air ag leibhéal an scrúdaithe scríofa deiridh a dhéanann an scoláire.

| Comhpháirt measúnaithe | Ualú | Leibhéal |
|---|---|---|
| Staidéar taighde | 40% | Treoir Chomónta |

| | | |
|---|---|---|
| Scrúdú scríofa | 60% | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal |

*Tábla 1: Achoimre an mheasúnaithe i gcomhair teistiúcháin*

## Achoimre ar an Staidéar Taighde

Éilíonn an staidéar taighde seo go ndéanfaidh an scoláire iniúchadh, measúnú agus tuairisciú ar thopaic a bhfuil dlúthbhaint aige leis an teanga agus atá fréamhaithe sa tsonraíocht. Ceapadh é chun deis a thabhairt don scoláire staidéar féindhírithe a dhéanamh agus staidéar níos doimhne a dhéanamh ar ghné dá staidéar teanga a spreagann a spéis agus a fhiosracht, ar leibhéal cuí dá inniúlacht teanga, ach tuiscint a léiriú ar na srianta ama agus acmhainní san am céanna. Tá sé mar aidhm ag an gcomhpháirt mheasúnaithe fiosracht a chothú sa scoláire maidir le tábhacht agus comhthéacs trí chéile na teanga agus na litríochta a mbíonn sé ag plé leo laistigh den tsonraíocht, chomh maith le réimse scileanna chun an fiosrúchán sin a éascú. Sa mheasúnú ar an staidéar taighde, iarrfar ar an scoláire inniúlacht a léiriú san fhoghlaim nach furasta a mheasúnú go héasca leis an scrúdú scríofa. Díríonn an cineál foghlama seo ar an staidéar mion agus ar ghrinnléitheoireacht na dtéacsanna, a mhúinfear don scoláire le linn dó plé leis an bPríomhthéacs agus téacsanna eile. Ní mór don mhúinteoir smaoineamh air seo agus é i mbun pleanála don Staidéar Taighde, chomh maith leis an mbealach is fearr leis an gcomhpháirt mheasúnaithe a chuimsiú i rannpháirteachas an scoláire leis an tsonraíocht iomlán ar intinn aige. Ní mór a lua nach féidir an Príomhthéacs a úsáid mar chuid den Staidéar Taighde, cé gur cheart go mbeadh na scileanna a fhaightear le linn staidéar a dhéanamh ar an bPríomhthéacs úsáideach i bpróiseas an Staidéir Taighde.

Beidh an Staidéar Taighde bunaithe ar threoir a eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), a fhoilseoidh na dátaí chun gach rud a chur i gcrích agus a chur isteach freisin. Do gach bliain scrúdaithe, leagfar amach treoracha ar leith sa treoir, lena n-áirítear faisnéis maidir le rogha topaice, deimhniú agus obair a chur isteach, agus ní mór an scoláire, an múinteoir agus an scoil a chur ar an eolas faoi sin ar fad.

Cuirfear faisnéis thábhachtach ar fáil sa treoir faoin measúnú seo, agus beidh creat téamach ann gach bliain a chabhróidh an fiosrúchán a bheachtú ionas go mbeidh an scoláire ábalta topaic ar leith a roghnú. Ba cheart go mbeadh fócas an fhiosrúcháin teoranta seachas leathan, chun deis a thabhairt fiosrúchán níos doimhne a dhéanamh. Agus fócas don staidéar taighde á roghnú, ní mór don rogha téacs nó gné staidéir a bheith inrochtana don scoláire dara leibhéal, go mbeadh ról ag acmhainní teanga sa taithí ghrinnléitheoireachta agus go mbeadh na foinsí taighde ina bhfoinsí príomha, tánaisteacha nó meascán den dá rud.

Ba cheart don scoláire a thopaic a roghnú i gcomhar lena mhúinteoir. Laistigh dá thopaic ar leith, roghnaíonn an scoláire gné thábhachtach ach sholáimhsithe na teanga nó de théacs gearr nó de shliocht as téacs Sean-Ghréigise agus déanfaidh sé an ghné sin a iniúchadh i gcomhthéacs níos leithne. Is féidir

leis an gcomhthéacs seo baint a bheith aige, mar shampla, leis an tsuntasacht litearthachta, teangeolaíoch, ealaíonta, stairiúil, chultúrtha, shóisialta, pholaitiúil, fhealsúnach, nó reiligiúnach trí chéile, ach ba cheart go mbeadh ról lárnach ag an anailís teangabhunaithe san fhiosrúchán seo.

## Próiseas chun an Staidéar Taighde a chur i gcrích

*Léaráid 1: An próiseas a bhaineann le bheith ag obair ar an Staidéar Taighde*

Cé gur céimeanna líneacha den Staidéar Taighde iad seo, tá an próiseas solúbtha agus is féidir leis an scoláire aghaidh a thabhairt ar an ábhar ag amanna difriúla i rith an Staidéir Taighde. Braithfidh an t-achar ama is gá chun gach céim a chur i gcrích ar chineál na treorach in aon bhliain ar leith.

Meastar go dtógfaidh an Staidéar Taighde suas le 20 uair an chloig le cur i gcrích, agus moltar do gach scoláire plean a leagan amach do gach céim, ionas gur féidir an Staidéar Taighde a chur i gcrích laistigh den tréimhse mholta sin. Ba cheart an plean seo a chur le chéile i gcomhar leis an múinteoir, agus ba cheart go léireofar tuiscint ann ar scileanna taighde agus scríbhneoireachta an scoláire, agus go rachfar in oiriúint do riachtanais an scoláire bunaithe ar an taithí ar bheith ag obair trí na céimeanna uile. Mar gheall ar an gcineál staidéir taighde atá i gceist, is féidir leis an scoláire a bheith ag obair ar ghnéithe de na céimeanna seo le linn an ranga, ag brath ar na topaicí nó na scileanna atá á bhfiosrú ag an am.

### Céim 1: Ag tosú amach leis an treoir agus fócas a shainaithint

Ba cheart don scoláire díriú ar thopaic bunaithe ar an treoir ar fíorábhar spéise dó í. Ba cheart dó sin teacht as breithniú cúramach ar an gcreat a thugtar sa treoir, téacsanna oiriúnacha, infhaighteacht acmhainní agus scrúdú críochnúil ar na féidearthachtaí agus na deiseanna don topaic taighde.

Agus topaic á roghnú le taighde a dhéanamh air, ní mór na critéir seo a leanas a chur san áireamh:

- an bhaint atá ag an topaic leis an treoir
- an chaoi a bhfuil an topaic fréamhaithe i staidéar an fhoghlaimeora ar an tSean-Ghréigis agus ar théacsanna na Sean-Ghréigise
- an ghné den téacs nó den staidéar teanga atá lárnach don taighde
- an fáth a mheasfaí gur topaic thábhachtach í
- na naisc is féidir a dhéanamh idir gné den teanga nó den teanga i dtéacsanna agus an comhthéacs trí chéile ina bhfuil siad lonnaithe

## Céim 2: Mionscagadh ar fhócas an fhiosrúcháin

Ní mór don scoláire mionscagadh a dhéanamh ar a thopaic trí ghné shoiléir a roghnú. Ní mór don réasúnaíocht
d'fhócas an fhiosrúcháin a bheith fréamhaithe i sonraíocht Shean-Ghréigis na hArdteistiméireachta agus tuiscint a léiriú ar Phríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí.

Ba cheart breithniú a áireamh sa réasúnaíocht ar an bhfáth ar fiú taighde a dhéanamh ar an bhfócas roghnaithe. Ba cheart don scoláire a bheith in ann fócas a fhiosrúcháin aonair a chosaint ó thaobh na suntasachta trí chéile, na tábhachta nó na spéise pearsanta de. Le foclaíocht theideal an staidéir taighde ba cheart fócas cúng an fhiosrúcháin a léiriú. Is gá a bheith cúramach agus fócas fiosrúcháin á shainaithint agus ba cheart an rogha a dhéanamh i gcomhairle leis na múinteoirí. Níor cheart don scoláire obair shuntasach a dhéanamh ar an staidéar taighde go gceadóidh an múinteoir an fócas atá aige. Chun cuidiú leis an scoláire fócas a roghnú, ba cheart an méid seo a leanas a mheas:

- Céard atá ar eolas agam faoi fhócas beartaithe mo staidéir taighde cheana féin?
- Céard eile is gá dom a fháil amach faoi fhócas mo staidéir taighde?
- Céard í mo cheist/argóint/shaincheist lárnach?
- Cén fáth ar ceist/argóint/saincheist thábhachtach í sin?

## Céim 3: An topaic a phleanáil agus taighde a dhéanamh uirthi

Ba cheart don scoláire cur chuige a mheas a thabharfaidh struchtúr agus plean don staidéar taighde. Ba cheart go léireodh sé tuiscint ar (i) shainaithint na n-aidhmeanna a bhfuil sé i gceist aige a bhaint amach, (ii) fócas níos teoranta ar na príomhcheisteanna taighde a bhfuil sé i gceist aige aghaidh a thabhairt orthu, (iii) na sonraí maidir le conas a rachaidh sé i ngleic leis na príomhcheisteanna sin agus (iv) míniú ar conas a gheofar an fhaisnéis/na sonraí.

Go háirithe, éilíonn an staidéar taighde go léireodh an scoláire go bhfuil sé in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- staidéar a dhéanamh ar théacsanna Sean-Ghréigise agus faisnéis theangeolaíoch, chomhthéacsúil a phróiseáil
- eolas a shintéisiú agus a mheas trí chur chuige agus choincheapa a chur i bhfeidhm atá nasctha le sonraíocht na Sean-Ghréigise agus breith eolach a dhéanamh
- comhthéacs níos leithne an domhain chlasaicí inar mhair an teanga a aithint agus machnamh a dhéanamh ar an gcaoi go gcuireann an t-eolas agus an tuiscint seo lena thuiscint agus lena mheas ar an teanga agus ar na téacsanna ar leith sa teanga.

## Céim 4: Foinsí faisnéise ábhartha, iontaofa a roghnú

Ba cheart don scoláire dul i gcomhairle foinsí cuí, iontaofa faisnéise chun tacú lena thaighde. Ba cheart don scoláire a bheith feasach freisin ar na láidreachtaí nó na laigí a bhaineann leis na foinsí a úsáidtear agus is féidir gur mian leis aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin le linn machnamh a dhéanamh ar phróiseas an staidéir taighde.

D'fhéadfadh leabhair, foclóirí, tráchtaireachtaí, aistriúcháin, ailt as irisí, nuachtáin nó irisí, íomhánna, suíomhanna gréasáin, podchraoltaí, blaganna, agallaimh nó cláir faisnéise teilifíse nó raidió a bheith ina bhfoinsí cuí don staidéar taighde. Ba cheart na foinsí a úsáidtear sa staidéar taighde a bheith barántúil agus infhíoraithe agus ba cheart tagairt iomlán a dhéanamh don lua i leabharliosta ag deireadh na tuarascála (féach Aguisín A do phrótacail maidir le lua). Sula n-úsáidtear ábhar ón idirlíon, ní mór don scoláire iontaofacht agus bailíocht ábhair ar líne a mheas. Ní mór gach foinse, idir phríomha agus tánaisteach, i gcóip chrua nó i bhfoirm dhigiteach, a lua i gceart, bíodh sleachta athfhriotail, athinsint, smaointe a thógáil ar iasacht nó a úsáid chun faisnéis a dhearbhú i gceist. Ní mór gach foinse a chuir leis an bhfaisnéis sa Staidéar Taighde a chur sa leabharliosta agus i gcorp na tuairisce trína lua sa téacs féin, de réir mar is cuí. Caithfear é sin a dhéanamh chun an bhradaíl a sheachaint.

Is cion tromchúiseach í bradaíl. Bíonn bradaíl i gceist nuair nach gcuireann scoláire in iúl go soiléir go bhfuil sé ag baint úsáid as obair daoine eile. Ní cheadaítear ábhar a chóipeáil go díreach ó fhoinsí mura luaitear an fhoinse go soiléir.

## Céim 5: Tuairisc an Staidéir Taighde a scríobh agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi

Ní mór an taighde a dhéantar a eagrú ina mhíreanna mionsonraithe ionas gur féidir leis an scoláire anailís a dhéanamh ar an ábhar chun a chinntiú go bhfuil fianaise inchreidte ann d'argóintí níos leithne agus na pointí ar leith a dhéantar sa phíosa scríofa. Cuirfidh an scoláire a thorthaí i láthair i dTuairisc an Staidéir Taighde. Déanfar athbhreithniú ar na hargóintí a rinneadh sa tuairisc agus ceisteofar iad, ionas gur féidir cás comhtháite, láidir a chur i láthair. Bíonn cleachtais na smaointeoireachta criticiúla i gceist leis seo, chomh maith le scileanna dréachtaithe, athbhreithnithe agus eagarthóireachta, a chabhróidh tátail a bhaint as an topaic a léireoidh príomhchuspóirí an staidéir taighde i gceart.

Ní mór do Thuairisc an Staidéir Taighde:

- déanamh de réir na treorach bliantúla
- a bheith dea-struchtúrtha, pléite go loighciúil agus stuama
- torthaí an taighde a chur in iúl go soiléir agus measúnú a dhéanamh orthu
- leas a bhaint as na foinsí a úsáidtear sa phróiseas taighde, le tagairtí agus athfhriotail de réir mar is cuí
- a léiriú cé chomh maith is a bhain an scoláire a aidhmeanna amach
- cloí le gnéithe na scríbhneoireachta acadúla agus tacú le seasamh nó dearcthaí le fianaise.

## Céim 6: Machnamh

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire chomh maith machnamh a dhéanamh ar eolas, léargais, tuiscint agus scileanna nua a fuarthas agus conas a d'athraigh a smaointeoireacht de bharr gur thug sé faoin staidéar taighde. Leis an machnamh ba cheart go bhféadfaí smaointe a spreagadh freisin maidir leis an bpróiseas taighde féin agus cé chomh maith is a d'oibrigh an cur chuige i leith an taighde.

Mar shampla, d'fhéadfadh an scoláire cuid de na nithe seo a leanas a mheas:

- An bhfuair mé eolas agus/nó tuiscint nua ar an tSean-Ghréigis?
- An bhfuil an t-eolas agus/nó an tuiscint nua a fuair mé suntasach?

- An raibh mo phróiseas taighde chomh héifeachtach agus ab fhéidir? Cé na gnéithe a bhí go maith agus cén feabhas a d'fhéadfainn a chur air i dtaighde amach anseo?
- Ar fhorbair mé aon scileanna trí bheith rannpháirteach sa staidéar taighde? Má d'fhorbair, conas a d'fhéadfaí tionchar dearfach a imirt ar aon fhoghlaim/taithí amach anseo leis an scil sin?
- Ar athraíodh an smaointeoireacht nó na tuairimí a bhí agam ar aon bhealach de bharr an taighde seo a dhéanamh?
- De thoradh an próiseas taighde a dhéanamh, ar tarraingíodh anuas ceisteanna eile/nua maidir le fócas m'fhiosrúcháin?

Faoi dheireadh an chúrsa seo, ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar an bpróiseas taighde ar tugadh faoi agus tuairimí a thabhairt ar an taithí a bhaineann le bheith i do thaighdeoir. Ón tús uile, ní mór dó an deis a thapú chun gnéithe a staidéir taighde a phlé leis an múinteoir a thabharfaidh treoir dó maidir le dul chun cinn a chuid oibre. Ceadóidh sé sin cleachtais mhachnamhacha a chuirfidh bonn eolais faoin staidéar taighde agus a mhúnlóidh é.

## Tuairisceoirí Cáilíochta

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a baineadh amach sa staidéar taighde. Go háirithe, éilíonn an staidéar go ndéanfaidh an scoláire an méid seo a leanas:

- eolas agus tuiscint a fhorbairt ar an topaic a roghnaíodh
- taighde a dhéanamh ar fhaisnéis ó fhoinsí maidir lena thopaic agus í a roghnú, a eagrú agus a phróiseáil
- tábhacht na bhfoinsí agus na fianaise a thuiscint do bhreitheanna agus conclúidí
- cur chuige agus struchtúr stuama a leanúint agus torthaí a thaighde á gcur i láthair aige

agus a bheith feasach ar an gcomhthéacs níos leithne agus ar an tsuntasacht a bhaineann leis an ábhar a roghnaíodh.

| An scoláire a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | An scoláire a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|
| • smaointeoireacht chriticiúil atá forbartha go maith a léiriú i bhfoirm na hanailíse bunaithe ar theanga | • smaointeoireacht chriticiúil mhaith a léiriú i bhfoirm na hanailíse bunaithe ar theanga | • roinnt smaointeoireacht chriticiúil a léiriú i bhfoirm na hanailíse bunaithe ar theanga |

| | | |
|---|---|---|
| • rannpháirtíocht chuimsitheach a léiriú leis an topaic roghnaithe | • rannpháirtíocht mhaith a léiriú leis an topaic roghnaithe | • rannpháirtíocht mheasartha a léiriú leis an topaic roghnaithe |
| • eolas agus tuiscint ardfhorbartha ar an topaic a thaispeáint | • tuiscint agus eolas meánfhorbartha ar an topaic a thaispeáint | • roinnt eolais agus tuisceana ar an topaic roghnaithe a thaispeáint |
| • comhleanúnachas inmholta a léiriú i leith an chuir chuige, an ábhair agus an struchtúir agus torthaí an taighde á léiriú | • comhleanúnachas inmholta a léiriú i leith an chuir chuige, an ábhair agus an struchtúir agus torthaí an taighde á léiriú | • easpa comhleanúnachais a léiriú i leith an chuir chuige, an ábhair agus an struchtúir agus torthaí an taighde á léiriú |
| • ardchumas a léiriú i leith taighde a dhéanamh ar fhaisnéis, í a roghnú, a eagrú agus a phróiseáil go han-stuama ó réimse leathan foinsí agus tuiscint shainiúil a léiriú ar ról na bhfoinsí agus na fianaise chun breithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint amach. | • cumas a léiriú i leith taighde a dhéanamh ar fhaisnéis, í a roghnú, a eagrú agus a phróiseáil go stuama ó réimse leathan foinsí agus tuiscint shainiúil a léiriú ar ról na bhfoinsí agus na fianaise chun breithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint amach. | • cumas áirithe a léiriú i leith taighde a dhéanamh ar fhaisnéis, í a roghnú, a eagrú agus a phróiseáil go stuama ó réimse leathan foinsí agus tuiscint shainiúil a léiriú ar ról na bhfoinsí agus na fianaise chun breithiúnais a dhéanamh agus conclúidí a bhaint amach. |
| • feasacht dhomhain a léiriú ar chomhthéacs níos leithne an ábhair a roghnaíodh i stair an domhain chlasaicigh, agus cás spéisiúil a dhéanamh maidir le suntasacht an ábhair a roghnaíodh. | • feasacht a léiriú ar chomhthéacs níos leithne an ábhair a roghnaíodh i stair an domhain chlasaicigh, agus cás spéisiúil a dhéanamh maidir le suntasacht an ábhair a roghnaíodh. | • gan mórán feasachta a léiriú ar chomhthéacs níos leithne an ábhair a roghnaíodh i stair an domhain chlasaicigh, agus gan cás spéisiúil a dhéanamh maidir le suntasacht an ábhair a roghnaíodh. |

*Tábla 2 – Tuairisceoirí Cáilíochta:*

## Leagan amach agus Cur isteach Thuairisc an Staidéir Taighde

Beidh ar an scoláire Staidéar Taighde a fhorbairt agus a chur isteach mar chuid de Thuairisc an Staidéir Taighde dá chuid. Cuirfear Tuairisc an Staidéir Taighde i láthair i bhformáid dhigiteach, a leagfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit síos (CSS) síos.

Ní mór gach obair a dhéantar mar chuid de Thuairisc an Staidéir Taighde a chur i gcrích faoi dháta ar leith. Socróidh CSS an dáta sin agus cuirfear in iúl do scoileanna é agus áireofar é freisin sa treoir a eisítear i dtéarma 2 de Bhliain 1 den chúrsa.

Ní mór Tuairisc an Staidéir Taighde a chur isteach de réir na dtreoracha a thugann CSS. Beidh faisnéis shonrach sna treoracha sin, amhail líon na bhfocal, líon na n-íomhánna atá incheadaithe, an struchtúr riachtanach agus ceannteidil na rannóige, méid an chomhaid, srl.

Is féidir leis an scoláire rogha a dhéanamh idir tacú le próiseas nó torthaí Thuairisc an Staidéir Taighde dá chuid, é a shoiléiriú nó fianaise a chur ar fáil ina leith trí úsáid a bhaint as íomhánna amhail léaráidí, sceitsí, graif, cairteacha, táblaí, grianghraif, srl.

Tá ar an scoláire tagairtí a thabhairt chun aitheantas a thabhairt don úsáid a baineadh as aon obair atá ina thionscadal ach nach obair dá chuid féin é. Tá sonraí maidir le tagairt agus tagairtí a úsáid le fáil in Aguisín A.

Tá sé thar a bheith tábhachtach gur obair dá chuid féin í an obair ar fad a chuireann scoláire isteach lena measúnú. Is sárú suntasach ar rialacháin é má chuireann aon scoláire obair isteach nach bhfuil curtha i gcrích go hiomlán ag an scoláire sin. Má chuirtear obair den sórt sin isteach, d'fhéadfaí pionóis a ghearradh, suas go dtí go gcoinneofar siar na torthaí gaolmhara agus é sin san áireamh.

Tá próiseas fíordheimhnithe láidir lárnach chun sláine aon phróisis measúnaithe a chinntiú. Tá fíordheimhniú scoilbhunaithe an mhúinteora ar obair an scoláire ar Thuairisc an Staidéir Taighde dá chuid riachtanach chun measúnú cóir agus cothrom a dhéanamh ar an obair sin. Cé nach bhfuil sé indéanta ná riachtanach don mhúinteoir gach gné d'obair an scoláire a fheiceáil, ní mór don mhúinteoir a bheith sásta go bhfuil an obair déanta ag an scoláire féin. Trí theagmháil rialta, chuimsitheach le hobair gach scoláire ar Thuairisc an Staidéir Taighde dá chuid, beidh an múinteoir in ann aon obair atá á cur isteach lena measúnú a fhíordheimhniú go muiníneach agus go dlisteanach.

Soláthraíonn CSS treoir mhionsonraithe maidir le fíordheimhniú oibre cúrsa agus na coinníollacha maidir lena glacadh. Cuirfear faisnéis maidir leis an gcaoi a bhfuil feidhm aige seo i gcás Thuairisc an Staidéir Taighde ar fáil sa treoir, agus i gcáipéisí eile a d'fhéadfadh CSS a eisiúint.

## Ról an mhúinteora

Tá ról tábhachtach ag an múinteoir ó thaobh tacaíocht a thabhairt d’obair an scoláire ar Thuairisc an Staidéir Taighde, maoirseacht a dhéanamh air, agus é á chur i gcrích aige. Ba cheart teagasc agus foghlaim a bhaineann leis an gcomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis a chomhtháthú i gcleachtas leanúnach sa seomra ranga chun deiseanna a mhéadú oiread agus is féidir don scoláire chun torthaí foghlama na sonraíochta a bhaint amach agus tacú le príomhinniúlachtaí a fhorbairt.

Tugann eisiúint na treorach comónta ó CSS i dtéarma a dó de bhliain a haon deis don mhúinteoir riachtanais agus ábhar na treorach a threorú ó chéim luath foghlama san ábhar. Éascóidh sé an múinteoir freisin agus é

ag pleanáil leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a chomhtháthú, de réir mar is cuí, i ngnáth-shreabhadh an teagaisc agus na foghlama sa seomra ranga.

D’fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- riachtanais na treorach don Staidéar Taighde a shoiléiriú
- cabhrú leis an scoláire tuiscint a fháil ar an mbaint atá ag an treoir a d’eisigh Coimisiún na Scrúduithe Stáit
  don Staidéar Taighde le sonraíocht na Sean-Ghréigise
- aon réimsí ar leith den tsonraíocht is gá don scoláire dul i ngleic leo ionas go mbeidh an scoláire in ann tabhairt faoin Staidéar Taighde a shainaithint
- a chinntiú go bhfuil an scoláire ar an eolas faoi na tuairisceoirí cáilíochta a bhaineann leis an Staidéar Taighde
- ceisteanna leide a thairiscint, chun pleanáil agus smaointeoireacht chriticiúil an scoláire a spreagadh le linn an phróisis agus tacú leo
- an scoláire a spreagadh chun díriú ar riachtanais na treorach agus a chuid oibre a cheangal leis na torthaí foghlama sa tsonraíocht
- treoir a thabhairt don scoláire i bhforbairt leanúnach a chuid scileanna taighde
- cabhrú leis an scoláire tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le dea-chleachtais agus tagairt á déanamh agus ar an ngá atá le haon chineál bradaíola a sheachaint
- rochtain ar acmhainní cuí a éascú
- socruithe rochtana cuí a chur ar fáil d’aon scoláire ag a bhfuil riachtanais foghlama bhreise, de réir na forála ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit maidir le freastal réasúnta
- an scoláire a chur ar an eolas gur gá dó aon rialacháin nó ceanglais éigeantacha ábhartha a chomhlíonadh amhail na cinn a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), rochtain a fháil ar réadmhaoin phoiblí nó phríobháideach, srl.
- aiseolas a úsáid go cuí chun cur chuige machnamhach a chur chun cinn maidir le hobair ar an Staidéar Taighde agus ar Thuairisc an Staidéir Taighde
- treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil Thuairisc an Staidéir Taighde a éascú
- aird an scoláire a tharraingt ar aon riachtanas maidir le cur isteach Thuairisc an Staidéir Taighde mar a shonraítear sa treoir
- deiseanna a chruthaíonn an Staidéar Taighde chun príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí a fhorbairt a chur chun cinn.

D'fhonn an próiseas fíordheimhnithe a éascú, ba cheart don mhúinteoir plé go rialta le hobair an scoláire ar an Staidéar Taighde agus ar Thuairisc an Staidéir Taighde.
Ba cheart don mhúinteoir a bheith ar an eolas nach féidir ach obair ar leis an scoláire féin í a chur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena measúnú agus nach mór do gach scoláire a chuid oibre a chur isteach ar bhonn aonair.
I gcás ina bhfuil níos mó ná scoláire amháin i rang ar leith ag obair ar Thuairisc an Staidéir Taighde atá cosúil le chéile, is den tábhacht go nglacfaidh gach scoláire cur chuige saincheaptha maidir leis an obair.

Ba cheart go mbeadh an t-aiseolas a chuirtear ar fáil don scoláire ginearálta agus neamhthreorach. Níor cheart do mhúinteoirí aon tacaíocht iomarcach nó mhíchuí a sholáthar don scoláire, amhail obair dréachta a chur in eagar nó samhail-téacs nó freagraí a sholáthar lena n-úsáid i bhfianaise foghlama an scoláire.

## Naisc Úsáideacha

- Sonraíocht churaclaim le haghaidh Shean-Ghréigis na hArdteistiméireachta: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/0f625158-a30f-4404-bf5c-ab4fe25614c9/SC-Ancient-Greek-Spec-GA.pdf
- Tacaíochtaí do mhúinteoirí Shean-Ghréigis na hArdteistiméireachta ó sheirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí Oide: www.oide.ie
- I dtéarma 2 de Bhliain 1, foilseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) treoir chun an Staidéar Taighde a dhéanamh ar www.examinations.ie.
- Suíomh gréasáin Chumann Clasaiceach na hÉireann – Múinteoirí (CCÉ-M), an cumann ábhair do mhúinteoirí Shean-Ghréigis, Laidin agus Léann Clasaiceach na hArdteistiméireachta, agus Léann Clasaiceach na Sraithe Sóisearaí: https://www.classicsteachers.com/

## Aguisín A: Treoirlínte chun Tacú le Tagairtí a Dhéanamh

Is gné thábhachtach den Staidéar Taighde í tagairt a dhéanamh mar tugann sin deis dóibh sin a léann Tuairisc an Staidéir Taighde plé ar bhealach níos fearr leis an ábhar agus an t-eolas a sholáthraítear sa tagairt a dheimhniú. Is é an bealach is oiriúnaí é don scoláire chun aitheantas a thabhairt d'fhoinse aon eolais, smaointe, ábhair nó íomhánna nach leis féin iad agus atá curtha san áireamh aige sa Staidéar Taighde dá chuid.

Ach tagairt a dhéanamh is féidir leis an scoláire fianaise a sholáthar ar an taighde ar phléigh sé leis, cuidíonn sin le tacaíocht agus tábhacht a thabhairt d’argóintí agus tátail, agus is féidir sin a úsáid chun a thaispeáint gur mheas agus gur fhiosraigh an scoláire peirspictíochtaí difriúla.

Ba cheart don scoláire tagairtí a thabhairt laistigh dá shaothair (lua sa téacs) agus freisin sa chuid tagairtí de Thuairisc an Staidéir Taighde. Trí lua sa téacs a úsáid soláthraítear nasc díreach idir an méid a scríobhann an scoláire agus an taighde ar a bhfuil a chuid oibre bunaithe.

Sampla:
Maidir le scoláire atá ag baint úsáid as ábhar ó leathanach 57 den leabhar *Inclusion: effective practice for all students?* d’úsáidfeadh sé an lua sa téacs (lch 57, McLeskey, 2013) agus rachadh sé ar aghaidh ansin freisin chun sonraí a chur leis an liosta tagairtí mar McLeskey, J. (2013) *Inclusion: effective practice for all students?* An dara heagrán.

Sa chuid tagartha dá cháipéis, ba cheart don scoláire na sonraí cuí a sholáthar d’aon fhoinsí a d’úsáid sé le linn an Staidéir Taighde dá chuid amhail:

- irisí gairmiúla agus tuarascálacha rialtais
- foinsí ar líne, ina measc físeáin, podchraoltaí, srl.
- ábhar ó shaineagraíochtaí agus ó dhaoine aonair ábhartha

Ní chuirtear an chuid tagartha san áireamh sa líon focal. Tá sé ina chuidiú tagairt chuimsitheach a dhéanamh chun a thaispeáint gur thug an scoláire faoi chleachtais taighde mhacánta agus eiticiúla agus gur sheachain sé bradaíl. Ba cheart tagairt a dhéanamh ar bhealach chomh sonrach agus is gá chun an fhoinse taighde ar leith a chur in iúl, amhail uimhir leathanaigh nó caibidil i leabhar, cuid i suíomh gréasáin, stampa ama ar phodchraoladh nó físeán, srl.

Tá bradaíl ina cion tromchúiseach agus tarlaíonn sí nuair a úsáidtear obair seachas obair an scoláire féin gan foinse na hoibre a aithint go soiléir. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as ábhar a ghintear trí úsáid a bhaint as bogearraí intleachta saorga (IS) nó as aipeanna IS. Ní cheadaítear ábhar a chóipeáil go díreach ó aon fhoinse gan aitheantas cuí agus is féidir go ngearrfar pionós as sin, suas le torthaí gaolmhara a choinneáil siar, agus an méid sin san áireamh.

Agus tagairt á déanamh ag an scoláire do na foinsí a d'úsáid sé ina Staidéar Taighde, ba cheart dó a áirithiú, beag beann ar an gcineál foinse, go bhfuil go leor sonraí cruinne ann chun gur féidir leis an léitheoir an tagairt a fhíordheimhniú. Níl aon stíl tagartha fhoirmiúil ar leith ag teastáil.

**Conas ba cheart don scoláire tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla?**

- I gcás inar mian leis an scoláire tagairt a dhéanamh do shuíomh gréasáin nó foinse ar líne, ba cheart go mbeadh go leor sonraí cruinne ann chun a chumasú don léitheoir an tagairt a fhíordheimhniú, lena n-áirítear an hipearnasc agus an dáta léite nó íoslódáilte.
- I gcás inar mian leis an scoláire tagairt a dhéanamh do shuíomh gréasáin nó foinse ar líne, ba cheart go mbeadh go leor sonraí cruinne ann chun a chumasú don léitheoir an tagairt a fhíordheimhniú, lena n-áirítear an hipearnasc agus an dáta léite nó íoslódáilte.
- I gcás inar bhain an scoláire úsáid as ábhar a gineadh le bogearraí intleachta saorga (IS) agus feidhmchláir IS, ní mór é sin a aithint. Ba cheart a áireamh leis an tagairt ainm na huirlise IS a úsáideadh, an dáta ar gineadh an t-ábhar agus ba cheart míniú gairid a sholáthar léi ar conas a úsáideadh í. I gcás roinnt mhaith uirlisí intleachta saorga giniúnaí gintear URLanna inroinnte lena leagtar amach ábhar seisiún comhrá a tharla. I gcás inar úsáideadh uirlis den sórt sin, ba cheart an URL a áireamh sa liosta d'fhoinsí taighde. I gcás nach ngintear URL inroinnte le huirlis IS, ba cheart don scoláire ainm na huirlise, agus an leid a úsáideadh, a lua.

| Samplaí de lua sa téacs do chineálacha difriúla foinsí |
|---|
| **Leabhar:**<br>(lch 57, McLeskey, 2013) |
| **Alt nuachtáin/irise:**<br>(Hearne, J., 30/08/2024) |
| **Téacs/íomhá arna rochtain ar líne**:<br>(thelatinlibrary.com/101/RhetoricalDevices) |
| **Fuaim arna rochtain ar líne:**<br>(Clár 10, rte.ie/radio/podcasts/22093250) |
| **Físeán arna rochtain ar líne:**<br>(3:20 go 5:45, youtu.be/yCv4iyPqZKQ) |
| **Uirlisí IS (le URL inroinnte)**<br>(chat.openai.com/share/f45a1e23-2217-4443-a244-d56ab26ae940) |
| **Uirlisí IS (gan URL inroinnte)**<br>(OpenAI (2023) ChatGPT, 20/10/2023) |

| Samplaí de thagairtí do chineálacha difriúla foinsí |
|---|
| **Leabhar i liosta tagairtí:**<br>McLeskey, J. (2013) *Inclusion: effective practice for all students?* An dara heagrán. |
| **Alt nuachtáin/irise**<br>Hearne, J. (30/08/2024) 'How bad driving habits cost Irish motorists hundreds every year', Irish Examiner |
| **Téacs/íomhá arna rochtain ar líne**<br>Latin Library, Principal Rhetorical and Literary Devices, (dáta scríofa gan bheith ar fáil), http://www.thelatinlibrary.com/101/RhetoricalDevices.pdf, Dáta rochtana: 17/6/24 |
| **Fuaim arna rochtain ar líne**<br>Philip Boucher Hayes, RTE, Hot Mess – Megawatts and Megabytes, Podchraoladh, dáta cruthaithe: 30/5/24, https://www.rte.ie/radio/podcasts/22093250-ep-10-megawatts-and-megabytes/, Dáta rochtana: 10/11/23 |

| |
|---|
| **Físeán arna rochtain ar líne**<br>ApintTurtle, Zig & Zag – Christmas crises, Scannán, dáta cruthaithe 20/12/2008, http://youtu.be/yCv4iyPqZKQ, 12/12/14, ó 3 nóiméad 20 soicind go dtí 5 nóiméad 45 soicind. |
| **Uirlisí IS**<br>Sampla le URL inroinnte arna ghiniúint ag an Uirlis IS:<br>OpenAI (2023) ChatGPT (Leagan DF 20) [Samhail teanga mhór], arna rochtain an 20 Deireadh Fómhair 2023. https://chat.openai.com/share/f45a1e23-2217-4443-a244-d56ab26ae940 |
| **Uirlisí IS**<br>Sampla gan URL inroinnte<br>OpenAI (2023) ChatGPT (Leagan DF 20) [Samhail teanga mhór], arna rochtain an 20 Deireadh Fómhair 2023. Leid a úsáideadh agus an téacs a gineadh. |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment